C/2026/2634

8.5.2026

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Bealtaine 2026

maidir leis an gcomhalta den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle a cheapadh

(C/2026/2634)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 91/116/CEE ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 4(1), pointe (b), (ii), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta an 20 Márta 2026,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 29 Eanáir 2024 [2], cheap an Chomhairle Ylva HEDÉN WESTERDAHL mar chomhalta a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle ar an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach ar feadh téarma 5 bliana.

(2) D'éirigh ionadaí na Comhairle ar an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach, Ylva HEDÉN WESTERDAHL, as oifig an 18 Nollaig 2025.

(3) Is gá, dá bhrí sin, comhalta nua a cheapadh a dhéanfaidh ionadaíocht don Chomhairle ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige, dar críoch an 10 Feabhra 2029. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn práinne,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Robert KIRCHNER mar chomhalta a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle ar an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach go dtí an 10 Feabhra 2029.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Bealtaine 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. KERAVNOS

[1] IO L 73, 15.3.2008, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/234(1)/oj.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 29 Eanáir 2024 maidir leis an gcomhalta den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle a cheapadh (IO C, C/2024/1454, 8.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1454/oj).